Plean Ceachta

Taifead agus Tomhais ar Bháisteach

Sa cheacht seo foghlaimeoidh gach dalta:

1. Conas méadar báistí a thógáil.
2. Conas méadar báistí a léamh agus sonraí a thaifeadadh.
3. Conas sonraí a chur i láthair ar ghraf.
4. Conas trácht ar a dtorthaí.
5. Conas an meánfhliuchras míosúil a thomhas.

Conas a thomhaistear báisteach?

Tugtar **méadar báistí** ar an uirlis a úsáidtear chun báisteach a thomhas.

Taifeadann méadar báistí an méid báistí a thit le linn thréimhse áirithe ama.

Tomhaiseann formhór na méadar báistí an fliuchras i milliméadair.

Turgnamh 1: Fliuchras a thaifeadadh agus a thomhas

Na hábhair is gá don turgnamh:

- Buidéal plaisteach (1 lítear)
- Sorcóir tomhais
- Tonnadóir
- Buanmharcóir dubh
- Uisce
- Leabhar nótaí
- Grafpháipéar
- Peann
- Siosúr



Modh:

Cuid 1: Méadar báistí a thógáil

1. Gearr an barr den bhuidéal plaisteach.
2. Ag baint úsáide as an sorcóir tomhais, doirt 10 ml uisce isteach sa bhuidéal.
3. Cuir marc ag 10ml ar an mbuidéal leis na mbuanmharchóir.
4. Déan céimeanna 2 agus 3 arís, ag cur mairc ar an mbuidéal ag gach 10ml (10ml, 20ml…..)
5. Seo an scála a úsáidtear chun fliuchras a thomhas.
6. Doirt an t-uisce go léir as an mbuidéal.
7. Cuir an tonnadóir isteach sa bhuidéal.
8. Anois tá méadar báistí agat.

Cuid 2: Sonraí a thaifeadadh

1. Cuir an méadar báistí lasmuigh ar an talamh.
2. Coinnigh taifead, i do leabhar nótaí, den méid báistí a thiteann gach lá.
3. Déan seo gach lá ar feadh míosa.
4. Cuir na sonraí seo i leabhar nótaí.
5. Roghnaigh mí amháin sa gheimhreadh agus mí amháin sa samhradh chun na difríochtaí a léiriú.
6. Tar éis míosa de thaifeadadh, tarraing graf chun na sonraí a léiriú.
7. Cuir na laethanta ar an ais chothrománach (horizontal axis) agus an méid báistí ar an ais ingearach (vertical axis).
8. Ceangail na spotaí.

Cuid 3: Déan anailís ar na torthaí

1. Cuir na ceisteanna seo a leanas:
    - Ar athraigh an méid báistí a thit le linn na míosa?
    - An bhfuil aon difríochtaí ann idir míonna an gheimhridh agus míonna an tsamhraidh?
    - Cén lá ba fhliche (leis an méid is mó báistí)?
    - Cén lá ba thirime (leis an méid is lú báistí)?

2. Ríomh an meánteocht don mhí ach an méid báistí a thit gach lá a roinnt faoin líon iomlán laethanta sa mhí.